Bileog 2.1

Cúrsaí tithíochta Réamhobair éisteachta

Beidh tú ag éisteacht le hagallamh ar ball a bhí le cloisteáil ar **Barrscéalta** ar an 08 Deireadh Fómhair 2008 faoi phraghsanna na dtithe sa tír sa lá atá inniu ann. Tar éis na míre beidh tú féin agus daoine eile sa rang ag déanamh plé ar an mhargadh tithíochta in Éirinn. Déan féin agus an duine in aice leat ransú intinne ar an fhoclóir a bheadh úsáideach leis an phlé seo a bheith agaibh, ag cur na bhfocal a aimsíonn sibh faoi na teidil seo:

1. An bhfuil aon eolas agat faoin suíomh seo?
2. Cén Ghaeilge a chuirfeá ar an fhógra?
3. Conas mar atá an margadh tithíochta faoi láthair?
4. An bhfuil aon suíomh eile mar www.daft.ie ann?

Cúrsaí tithíochta Éisteacht

Barrscéalta: Dé Céadaoin 08 Deireadh Fómhair 2008
Manus Ó Ceallaigh, Ceantálaí as an bhFál Carrach, ag cur síos ar thuairisc ar an suíomh idirlín www.daft.ie a deir go bhfuil titim de 5% ar phraghsanna na dtithe i nDún na nGall ó bhí mí Lúnasa ann.

Éist leis an mhír uair amháin agus freagair na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat.

(a) Breac síos in abairt amháin ábhar na míre.

(b) Déan cur síos ar na tithe ar a bhfuil na praghsanna seo:

€862,000 €280,000 €1,226,000

(c) Scríobh na praghsanna thuas i bhfocail.

Éist leis an mhír don dara huair:
(d) Cén leagan Ultach a bhí le cloisteáil sa mhír ar na focail / frásaí seo?

seomra codlata: _____
i gcónaí: _____
píosa: _____
ag féachaint ar: _____
an-daor: _____

(e) Cad é do thuairim faoi chanúint Uladh?

© OÉMc Nollaig

Cúrsaí tithíochta **Teanga**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- "A Áine" agus "A Mhanuis". Cad atá i gceist anseo? Cad iad na rialacha a bhaineann leis an chuid seo den ghramadach?
- '**gurb é** vs. **gurbh é'**. Cad atá difriúil anseo agus cén fáth?

© OÉ Má Nuad

Bileog 2.2a

Teach ar cíos Rólimirt

Beidh rólimirt ar siúl agat ar ball le triúr eile sa rang.
Scenario: Beidh oraibh teach a fháil ar cíos le chéile. Tá poist agus caitheamh aimsire éagsúla ag an cheathrar agaibh sa ghrúpa (gheobhaidh gach duine rólchárta ar ball). Caithfidh sibh ceann de na tithe thíos a fháil ar cíos le roinnt le chéile. Beidh oraibh teacht ar chomhréiteach ar ndóigh!

TITHÍOCHT - AR CÍOS - AN CAISLEÁN NUA

An Baile Dearg, An Caisleán Nua.

Teach álainn scoite: Ceithre sheomra codlata, dhá sheomra folctha, seomra suí mór agus cistin ollmhór. Athchóirithe go nua-aimseartha. Tá gairdín mór leis an teach. Tá garáiste amháin ann ach spás do dhá charr. Tá an scoil náisiúnta áitiúil béal dorais agus níl sé ach 15 nóiméad siúil ó lár an bhaile.
€1,800 sa mhí.

Na Coillte. An Caisleán Nua

Teach mór scóipiúil leathscoite: Tá ceithre sheomra codlata ann, dhá sheomra folctha, seomra suí mór agus cistin. Tá gairdín chun tosaigh agus ar chúl. Garáiste agus áit pháirceála do dhá charr. Tá an teach seo in aice leis an pháirc imeartha agus páirc an bhaile. 10 nóiméad siúil ó lár an bhaile.
€1,900 sa mhí.

An tSráid Liath, An Caisleán Nua

Teachín scoite a tógadh 150 bliain ó shin: dhá sheomra codlata dúbailte agus dhá sheomra codlata singil. Tá an príomhsheomra codlata *en suite* agus tá seomra folctha mór eile ann, seomra suí agus cistin breá mór. Tá gairdín ann agus garáiste do dhá ghluaisteán. Tá an teach aoibhinn seo lonnaithe faoin tuath taobh amuigh den Chaisleán Nua, le radharc gleoite den tuath. 20 nóiméad tiomána ó lár an bhaile.
€1,500 sa mhí.

Árasáin Radharc na Mara, An Caisleán Nua

Árasán tríú hurlár: dhá sheomra codlata dúbailte le seomraí folctha *en-suite*, agus seomra codlata singil amháin. Fuinneoga móra ag féachaint anuas ar an mhuiríne. Áiseanna nua ar fad atá san árasán, le cistin nua-aimseartha, úrnua. Tá trí áit pháirceála leis agus córas slándála. 10 nóiméad siúil ó lár an bhaile. Ionad Spóirt béal dorais. €1,700 sa mhí.

Bileog 2.2b

Teach ar cíos Rólimirt

Tá na cártaí seo le gearradh ag an mhúinteoir.

Ról A
Is cuntasóir tú agus oibríonn tú in oifig i lár an bhaile. Nuair a bhíonn am saor agat imríonn tú spórt agus is breá leat a bheith ag cócaireacht do chairde. Níl carr agat agus mar sin siúlann tú nó téann tú ar an rothar chun na hoibre.

Ról B
Oibríonn tú i monarcha sa bhaile. Éiríonn tú an-luath gach maidin agus mar sin codlaíonn tú sa tráthnóna. Is breá leat a bheith ag siúl sléibhe. Tá carr agus gluaisrothar agat.

Ról C
Is mac léinn aibí tú san ollscoil sa bhaile. Is í seo bliain na céime agus mar sin ba mhaith leat áit chiúin le staidéar a dhéanamh. Nuair a bhíonn am saor agat is breá leat dul ag tiomáint i do charr spóirt agus leadóg a imirt.

Ról D
Is tírdhreachóir tú. Tá veain mhór agat agus bíonn tú ag taisteal cuid mhór le do chuid oibre. Is breá leat gach cineál spóirt, agus tá madra darb ainm Bran agat.

Ról A
Is cuntasóir tú agus oibríonn tú in oifig i lár an bhaile. Nuair a bhíonn am saor agat imríonn tú spórt agus is breá leat a bheith ag cócaireacht do chairde. Níl carr agat agus mar sin siúlann tú nó téann tú ar an rothar chun na hoibre.

Ról B
Oibríonn tú i monarcha sa bhaile. Éiríonn tú an-luath gach maidin agus mar sin codlaíonn tú sa tráthnóna. Is breá leat a bheith ag siúl sléibhe. Tá carr agus gluaisrothar agat.

Ról C
Is mac léinn aibí tú san ollscoil sa bhaile. Is í seo bliain na céime agus mar sin ba mhaith leat áit chiúin le staidéar a dhéanamh. Nuair a bhíonn am saor agat is breá leat dul ag tiomáint i do charr spóirt agus leadóg a imirt.

Ról D
Is tírdhreachóir tú. Tá veain mhór agat agus bíonn tú ag taisteal cuid mhór le do chuid oibre. Is breá leat gach cineál spóirt, agus tá madra darb ainm Bran agat.

© Oifig Má Nuad

Bileog 2.2c

Teach ar cíos — Plé

Déan plé leis an duine in aice leat ar na ceisteanna thíos.

1. Cén duine ón ghníomhaíocht dheireanach ab fhearr leat cónaí leis nó léi? Cén fáth?
2. Cad iad na tréithe a ba mhaith leat a bheadh ag duine a mbeifeá ag roinnt tí leis/léi?
3. Cad é do thuairim faoi na tithe a bhí ar cíos sa ghníomhaíocht?
4. Ar roinn tú árasán nó teach le daoine eile riamh? Déan cur síos ar an taithí sin don duine in aice leat.
5. An ionann 'teach' agus 'baile', dar leat? Cén fáth?
6. An mbeifeá in ann cónaí i dteach gan leictreachas?
7. Conas is féidir le teach a bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht?
8. Déan cur síos ar an dóigh le teach a cheannach in Éirinn?
9. Cé acu is fearr, dar leat – teach ar cíos nó bheith i d'úinéir tí?
10. Cad iad na roghanna eile cónaithe atá ann, seachas teach nó árasán - íoglú mar shampla?

Teach ar cíos — Teanga

Pléigh na ceisteanna gramadaí seo leis an duine in aice leat:

(a) Nuair a bhí tú ag cur síos ar do thaithí ag roinnt tí le daoine cén aimsir ar bhain tú úsáid aisti? (taobh amuigh den aimsir chaite). An bhfuil aon eolas agat faoin aimsir ghnáthchaite?
(b) An bhfuil aon slite eile agat chun labhairt faoi rudaí a tharla san am atá thart?
(c) Cén tslí a ndéanann tú staidéar ar an ghramadach? An bhfuil aon chomhairle agat don duine in aice leat leis na patrúin a fhoghlaim?

Easpa dídine — Plé

Galway Simon Community / Pobal Simon na Gaillimhe

An tIonad Iae

Cuireann an tIonad Iae, a osclaíodh i mí na Bealtaine 2007, seirbhís tithíochta agus tacaíochta ar fáil do dhaoine atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá comhairle ar agus cúnamh le tithíocht agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh agus cúnamh le lóistín sealadach a aimsiú.

Déan plé leis na daoine eile i do ghrúpa ar na ceisteanna seo:

- An bhfuil mórán daoine gan dídean sa cheantar a bhfuil tú féin i do chónaí ann?
- An bhfuil aon chur amach agat ar ***Pobal Simon***? An bhfuil an eagraíocht i do cheantar féin?
- Cad is cúis leis an fhadhb shóisialta seo agus cad é réiteach na faidhbe, dar leat?
- Cad é do bharúil faoi na forbróirí réadmhaoine agus na bainc a rinne brabús ollmhór le blianta anuas?

CODEMá Nuad

- Cad a dhéanann an rialtas le dul i ngleic le fadhb na heaspa dídine?

© OÉ Má Nuad

Bileog 2.3

Ceantar cónaithe Réamhobair

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta de na cineálacha ceantar ar fad atá ann - mar shampla:

ceantar talmhaíochta, ceantar tuaithe . . .

B. Beidh tú ag obair i ngrúpa de cheathrar. Beidh beirt agaibh ag léamh faoi Oileán Thoraí agus beirt eile ag léamh faoi chathair Chorcaí. Ar dtús bíodh plé eadraibh go léir faoi aon eolas atá agaibh faoi na háiteanna sin. Scríobhaigí bhur dtuairimí faoi na ceannteidil seo:

Stair	Ealaín	Áiseanna	An áit anois

C. Seo roinnt focal a bheidh sa dá théacs – féachaigí orthu agus freagraígí na ceisteanna:

cladach
farantóireacht lastais
inbhear
calafort
cuan
duga
grúdlann
bánaithe

An dtuigeann sibh iad? Cén ceann den dá áit lena mbaineann siad, dar libh?
Mura bhfuil sibh cinnte tá na focail Bhéarla sa bhosca thíos. Bí cúramach, áfach: níl na focail san ord ceart!

seashore/beach
brewery
dock
bay
deserted
estuary
port
cargo ferrying

© CnaMa

Bileog 2.3a

Ceantar cónaithe — Duine A

Seo thíos píosaí eolais faoi Oileán Thoraí.

TORAIGH

Is cainteoirí Gaeilge ó dhúchas iad bunadh an oileáin. *(Beo. Eag. 24, Aibreán 2003)*

Is ar an chósta thiar thuaidh de Chontae Dhún na nGall, thart ar 10 míle farraige amach ó ché Mhachaire Rabhartaigh i nGaeltacht Chloich Cheann Fhaola, atá Toraigh suite. Nuair a bhíonn lá maith ann, bíonn an t-oileán le feiceáil ina luí amuigh ag bun na spéire mar a bheadh fathach mór sínte siar ina chodladh; laethanta eile ní bheadh a fhios agat go bhfuil sé ann mar go mbíonn sé clúdaithe i gceo agus an fharraige mhór ag briseadh ar na clocha fá chladaí an oileáin - ní gan ábhar a thugtar "Tonnaí Thoraí" ar an damhsa!

Tá an t-oileán féin trí mhíle ar fhad agus míle go leith ar leithead agus tá daonra 180 duine aige.

Tá athruithe móra feicthe ag pobal an oileáin le fiche bliain anuas. Ag tús na 1980í bhí an t-oileán beagnach bánaithe de bharr easpa seirbhísí agus de bharr neamhshuim an rialtais, agus bhog leath de mhuintir an oileáin amach le cónaí a dhéanamh ar an Fhál Carrach ar an tír mhór. Buíochas le Dia, tháinig biseach ar chúrsaí ó shin agus anois tá méadú de 50% sa daonra de bharr cuid de mhuintir an oileáin a bheith ag pilleadh ar ais ar a ndúchas. *(Beo. Eag. 24, Aibreán 2003)*

Foinse
Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

Seirbhísí Iompair do 4 Oileán 27 Iúil 2008

Tá córas nua farantóireachta lastais ar fáil do cheithre oileán ar chósta thiar na hÉireann. D'fhógair an tAire Éamonn Ó Cuív ar an Aoine go mbeidh seirbhís lastais ar fáil d'Oileán Thoraí, Oileán Chliara, Inis Tuirc agus Inis Bó Finne.

Le linn dó a bheith ag oscailt comhdhála ar Chultúr agus Ealaín na nOileán i mBéal an Mhuirthead ar an Aoine dúirt an tAire go raibh sé an-sásta a bheith in ann an gheallúint Rialtais seo a chomhlíonadh ionas go bhféadfaí bia agus ábhair eile a thabhairt chun na hoileáin go sábháilte agus gur cheart ar a laghad an méid sin a bheith ar fáil do na hoileánaigh san aois seo.

Tá seirbhís shábháilte rialta do phaisinéirí agus lastais ar fáil anois do na hoileáin is mó a bhfuil daonra orthu agus os cionn €5 mhilliún á chur ar fáil ag a Roinn do na seirbhísí seo, a dúirt an tAire.
"Gan na línte cothaithe seo leis an mórthír bheadh na pobail oileánda seo faoi mhíbhuntáiste an-mhór." a dúirt an tAire.

Bileog 2.3a ar lean

Ceantar cónaithe Duine

A

Seo thíos píosaí eolais faoi Oileán Thoraí.

Tá clú agus cáil ar Thoraigh mar gheall ar an scoil péintéirí 'primitíbheach' atá anseo. Spreag an péintéir idirnáisiúnta Derek Hill an ghairm seo. Rugadh Derek Hill i Sasana ach rinneadh Éireannach Onórach de agus thug sé cuairt ar an oileán go rialta ar feadh 50 bliain go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 2000. Ar chuid de phéintéirí an oileáin tá Patsy Dan Rodgers, rí Thoraí, agus Anton Meehan. Glacann an bheirt acu na radhairc áille den oileán mar théama dá gcuid pictiúr agus cuireann sé seo éileamh mór ar a gcuid oibre.

Dhá phríomhbhaile atá ann - an Baile Thiar agus an Baile Thoir. Is ar an Bhaile Thiar atá cónaí ar an chuid is mó den phobal agus is ann fosta atá an siopa, teach an phobail, oifig an phoist, an bhunscoil agus an mheánscoil, an t-óstán, an Gailearaí, an caife, an clubtheach, an brú óige, lóistín leaba agus bricfeasta, an t-ionad sláinte agus Oifig an Chomharchumainn. *(Beo. Éag 24, Aibreán 2003)*

Is ar an Bhaile Thiar fosta atá an ché úr a tógadh le gairid ar chostas de bhreis agus €12 milliún. Is fada na hiascairí, muintir an oileáin agus lucht bád ag cuartú cé mar seo agus foscadh dá gcuid bád; tá sí ann anois agus tá deiseanna móra fostaíochta agus turasóireachta farraige cruthaithe dá barr.

Sa samhradh, ó mhí an Mheithimh ar aghaidh, bíonn seirbhís laethúil báid as Machaire Rabhartaigh. Is turas deas é seo a ghlacann thart ar 50 nóiméad. Is as an Bhun Bheag a fhágann an bád an chuid eile den bhliain, turas a ghlacann 90 nóiméad. *(Beo. Eag. 24, Aibreán 2003)*

Nótaí:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Bileog 2.3b

Ceantar cónaithe **Duine**

B

Seo thíos píosaí eolais faoi Chathair Chorcaí.

CORCAIGH



Tagann an t-ainm "Corcaigh" féin ón nGaeilge, nó is seantéarma Gaeilge é *corcach* a chiallaíonn portach, is é sin i nGaeilge an lae inniu thabharfá 'Portach' uirthi.
(Ó Vicipéid)

Is í Corcaigh (nó Cathair Chorcaí) an dara cathair is mó i bPoblacht na hÉireann agus an tríú ceann is mó ar oileán na hÉireann. Is í príomhchathair Chontae Chorcaí agus Chúige Mumhan í, leis. Tá an chathair suite cois Chuan Chorcaí agus abhainn na Laoi in iardheisceart na hÉireann, ag 51°54' ó thuaidh agus 8°28' thiar. Is í an Laoi príomhabhainn an cheantair, agus í ag rith trí Chathair Chorcaí. Tá lár na cathrach bunaithe ar oileán idir dhá chraobh na Laoi, sula sníonn sí isteach in inbhear Loch Machain agus ar aghaidh ansin go Cuan Chorcaí, - ceann de na cuanta nádúrtha is mó ar domhan. Is calafort tábhachtach í Corcaigh, agus go leor céanna agus dugaí suite in oirthear na cathrach. Tá 163,000 duine ina gcónaí i gCorcaigh (190,000 go léir sa chathair agus sna bruachbhailte). Tá 380,000 duine ina gcónaí taobh amuigh den chathair i gContae Chorcaí (de réir dhaonáireamh na bliana 2002) *(Ó Vicipéid)*

.

Tá borradh ag teacht ar chúrsaí ealaíne sa chathair le déanaí, ó rinneadh fairsingiú ar an teach ceoldrámaíochta agus ar dhánlann bhardasach Crawford. Bunaíodh dánlann nua, agus í ainmnithe as Lewis Gluckman, i bhFómhar na bliana 2004. Tá an dánlann seo suite ar thailte Choláiste na hOllscoile i gCorcaigh, agus bhí an foirgneamh féin ar an ngearrliosta do Dhuais Stirling, duais thábhachtach fhoirgníochta sa Ríocht Aontaithe. Sa bhliain 2005, tosaíodh ag tógáil ceolscoile nua, chomh maith. Sa bhliain 2005, bhí Corcaigh ina Príomhchathair Chultúr na hEorpa

(Ó Vicipéid)

Tá éagsúlacht mhór siopaí i gCorcaigh idir ionaid siopadóireachta nua-aimseartha agus ceardsiopaí beaga atá á reáchtáil ag lucht an tsiopadóra agus ag díol earraí lámhdhéanta dá ndéantús féin. Tá an faisean is déanaí ó Mhilano agus ó Pháras le fáil i bhformhór na siopaí ilranna sa chathair, agus ollionaid siopadóireachta suite sna bruachbhailte, ar nós An Linn Dhubh, Dúghlas, Wilton, agus Machain. Is í Sráid Phádraig an phríomhshráid siopadóireachta sa chathair. *(Ó Vicipéid)*

Bileog 2.3b ar lean

Ceantar cónaithe **Duine**

B

Seo thíos píosaí eolais faoi Chathair Chorcaí.

Cé nach bhfuil daonra Chorcaí rómhór, bíonn saol bríomhar cultúrtha acu. Tá páirt mhór ag an gceol, an amharclannaíocht, an rince, agus an scannánaíocht i saol na cathrach. Tugann Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Dearthóireachta Crawford oiliúint d'ealaíontóirí nua na cathrach, agus aisteoirí úra ag teacht ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá an grúpa amharclannaíochta Corcadorca lonnaithe i gCorcaigh chomh maith, áit ar thosaigh Cillian Murphy, an t-aisteoir a rinne páirt an chladhaire sa scannán *Batman Begins* sa bhliain 2005. Tugann Féile Scannán Chorcaí tacaíocht don scannánaíocht, an ghearrscannánaíocht thar aon chineál eile. Tá Institiúid na Córagrafaíochta agus an Damhsa lonnaithe i gCorcaigh chomh maith, gan trácht a dhéanamh ar Ionad Ealaíon Triskel. Ceiliúrtar Féile Snagcheoil Chorcaí sa chathair i Mí Dheireadh Fómhair, gach bliain. *(Ó Vicipéid)*

Is é Corcaigh mórshuíomh na tionsclaíochta i ndeisceart na hÉireann agus is iad táirgí cógaisíochta an tionscal is tábhachtaí – is iad *Pfizer Inc*. ó Mheiriceá agus *Novartis* ón Eilvéis na fostóirí is mó sa cheantar. Tá ceanncheathrú Eorpach an chomhlachta úd *Apple* lonnaithe sa chathair chomh maith. Tá dhá ghrúdlann mhóra, *Murphy's* agus *Beamish and Crawford*, i gCorcaigh chomh maith. Le fada an lá, bhí an gnólacht úd *Ford Motor Company* lonnaithe cois na Laoi freisin, ach thréig sé Corcaigh sna hochtóidí. Roghnaíodh Corcaigh mar áit do cheanncheathrú an chomhlachta ar dtús ar an gcúis gur sa chontae seo a saolaíodh seanathair Henry Ford. *(Ó Vicipéid)*

Nótaí:

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____
_____

Bileog 2.4

Ceantar cónaithe Réamhobair éisteachta

Beidh tú ag éisteacht ar ball le mír ón chlár **Barrscéalta**, **Dé Céadaoin 10 Meán Fómhair 2008** ina bhfuiltear ag plé ráfla faoi Michael Jackson ag iarraidh oileán a cheannach in Éirinn.

Sula n-éisteann tú leis an mhír pléigh na ceisteanna seo thíos le duine eile:

(a) Ar chuala tú aon rud faoin scéal seo cheana féin?

(b) Cén ról a bhí ag an eagraíocht stáit *Dúchas*? Cé atá freagrach as cúrsaí oidhreachta sa tír seo anois?

(c) Féach ar na focail Ultacha seo atá sa mhír - an bhfuil aon leagan eile agat féin ar na focail seo?

a thoiseacht	uilig	rud inteacht
cha raibh	beithígh	thart ar

Ceantar cónaithe Éisteacht

Éist leis an mhír anois faoi dhó agus freagair na ceisteanna seo thíos leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil suim ag Michael Jackson san oileán seo, dar leis an *Irish Mirror*?
   An gcreideann tú i gcónaí a léann tú sna nuachtáin?

2. An bhfuil mórán cainte ar siúl ag muintir an bhaile (An Fhearainn) faoin scéal? Cad is brí leis an logainm seo? Déan liosta leis an duine in aice leat de na focail is coitianta a thagann chun cinn i logainmneacha na hÉireann.

3. Cén fáth a luaitear *Dúchas* sa mhír?
   An ndéanann eagraíochtaí ar nós *Dúchas* agus An Bord Pleanála obair mhaith?

4. Déan cur síos ar Inis Caoil ón mhéid a d'fhoghlaim tú ón mhír.
   An bhfuil aithne agat ar aon oileán príobháideach eile in Éirinn? Bhí oileán príobháideach ag an Iar-Thaoiseach Charlie Haughey i gCiarraí – cad a cheapann tú faoi seo?

© OÉ Má Nuad

Ceantar cónaithe
Teanga
'Ar díol'
Déan féin agus an duine in aice leat plé ar an ghramadach a bhaineann leis an réamhfhocal simplí ***ar***:
Féach: **ar bord** **vs.** **ar bhord**

Ceantar cónaithe
Scríobh
Scríobh cuntas ar theach do bhrionglóidí a bheadh sa cheantar ab áille leat. Bain úsáid as stór focal a d'fhoghlaim tú san aonad seo.

© OÉ Má Nuad